## CHY3 Scéim Aisíoc Cánach na gCarthanachtaí:

Seo scéim a mbaineann an Paróiste tairbhe as chun aisíoc cánach a fháil ar síntiús os cionn €250. Tá muid thar a bheith sásta agus buíoch as ucht an tacaíocht a fuair muid go dtí seo. An tseachtain seo chugainn beidh muid ag seoladh an fhoirm CHY3 ag chuile duine a thug síntiús ós cionn €250 anuraidh (2025) **agus nach bhfuil foirm sínithe acu go dtí seo.**

Seol ar ais an fhoirm CHY3 sa clúdach iniata chomh luath agus is féidir leat le do thoil.

***Míle Buíochas as bhur dtacaíocht***

## Biseach 2026

Beidh Biseach, irisleabhar Chumann Forbartha Chois Fharraige, á fhoilsiú arís i mbliana. Má tá suim agatsa píosa a scríobh do Bhiseach na bliana seo, ba bhreá linn cloisteáil uait!

Má phós tú i 2025 nó má tá sé de rún agat pósadh i mbliana agus gur mhaith leat go mbeadh do phictiúr bainise san iris, seol chugainn iad!
Beidh fáilte mhór freisin roimh sheanphictiúirí.
Ba mhaith linn cloisteáil freisin ó dhaoine a raibh páistí acu i mbliana nó anuraidh le freagra na ceiste seo:
Cén cineál Cois Fharraige ar mhaith leat a fheiceáil do do pháiste?

Féadfaidh do fhreagra a bheith chomh fada nó chomh gearr agus is maith leat agus ba bhreá linn pictiúr de do pháistín freisin!
Bí i dteagmháil linn ag:
**biseach2026@gmail.com**

**Fáilte Romhat, A Rí an Domhnaigh Bheannaithe**

Fáilte romhat, a Rí an Domhnaigh bheannaithe,
Lá breá aoibhinn cois bruach na farraige.
Fáilte romhat, a Réalt gheal na mara,
Lá breá aoibhinn d'fhonn Críost a agallamh.

Fáilte romhat, a Dhia na gil' 'sna gréine,
'Thug an lá dhúinn le grá 's le féile.
Fáilte romhat a Mhaighdean ghlórmhar ghléigeal,
Stiúraigh muide chuig tAon Mhac Íosa.

## Buíochas leat, a Dhia

Buíochas leat, a Dhia, as ucht na híobartha seo.
Go líona sé ár gcroíthe le grásta.
Go raibh againn i gcónaí a shuaimhneas is a shíocháin.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

Bíodh grá againn d'ár gcomharsain gach oíche 's lá,
Is grá againn do Íosa, ár Slánaitheoir,
Go gcanaimid le chéile an t-amhrán se oar neamh.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

**Bailiúchán Geata don RNLI**

An Spidéal - €773.95
Ros s'Mhíl - €153.41

**Míle Buíochas**



# Paróiste An Spidéil
## An Ceathrú Domhnach Déag A
4ú/5ú Iúil 2026


An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745
***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00


## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | |
|---|---|---|---|
| ✠ | | | ***Cill Éind, Spidéal*** |
| Dé Domhnaigh | 5ú | 11.00r.n. | Cathy Mc Cluskey **Céad Cuimhneachán** *Baile an tSagairt*<br>Nora & Patrick Mc Cluskey *Bóthar na hAbhann*<br>Patsy Ó Ceannabháin *Bóthar na hAbhann*<br>Mike Ó Curraoin & a bhean Máire Larry *Páirc*<br>& neacht le Máire Larry Mairín Feeney La Tourette<br>**Céad Cuimhneachán** *San Fransisco* |
| Dé Céadaoin | 8ú | 10.00r.n. | Martin & Anne Harte *Sligeach* |
| Déardaoin | 9ú | 10.00r.n. | \|Pat Collins, Gary Lydon & Cath Dowdy<br>Intinn Speisealta Cuimhneacháin Brethlá |
| Dé hAoine | 10ú | 10.00r.n. | Ann Connor & Clann |
| Dé Domhnaigh | 12ú | 11:00r.n. | Colm Ó Cadhain **3ú Cuimhneachán** *Cnocán Glas*<br>Seán Ned Breathnach *Sidheán*<br>Muintir Dunford *Co. an Clkár*<br>Lilly Kealy fuair bás le gairid *Londain*<br>Pádraic Ó Droighneáin, a thuismitheoirí, Beartla & Cáit & a dheirfiúracha, Máirín, Peig & Sal agus muintir ar fad, *Baile an tSléibhe*<br>Siobhán & Diarmaid Ó Gráinne, a clann mac Diarmaid, Mairtín & Pádraig agus a bhean Mai. *Aill a Preacháin* |
| ✠ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** |
| Dé Sathairn | 4ú | 6:30i.n. | |
| Dé Sathairn | 11ú | 6:30i.n. | Geraldime Mhic Dhonncha (Phateen a'Tailliúra)<br>**Aifreann Cinn Míosa** *Baile Láir*<br>Micheál Ó Coisdealbha , a dhá mhac Pádraic & Ned *Na Doireadh* |
| ✠ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** |
| Dé Domhnaigh | 5ú | 9:30am | |
| Dé Domhnaigh | 12ú | 9:30am | Cole Curran Céad Cuimhneachán (Iúil) *Minna/Londain*<br>deifúir Ann Flaherty Céad Cuimhneachán (Meitheamh) *Minna /Boston*<br>& Dearthár Jimmy Curran, Máire & Máirtín Ó Curraoin tuismitheoirí. *Minna* |

**Loinneog don Iontróid—** Sm 105:47
Déanaimid machnamh ar do bhuanghrá, a Thiarna, i gceartlár do theampaill; gabhann do mholadh, a Thiarna, mar do ainm, go himill na cruinne; tá do lámh dheas lán d'fhíréantacht.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia, trí ísliú do Mhic d'ardaigh tú an cine daonna as umar na haimiléise; tabhair lúcháir naofa do d'fhíréin; mar a d'fhuascail tú iad ó dhaoirse an pheaca, cinntigh dóibh aoibhneas síoraí na bhflaitheas. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Zachária fáidh – 9:9-10*
Seo mar a deir an Tiarna:
'Déan gairdeas go spleodrach, a iníon Shíón;
tóg gártha áthais, a iníon Iarúsailéim.
Féach, tá do rí ag teacht chugat
go caithréimeach slán
agus é go ceansa, ag marcaíocht ar asal,
ar bhromaichín, ar shearrach asail.
Scuabfaidh sé an carbad chun siúil as Efraim
agus an capall as Iarúsailéim;
agus brisfear an bogha cogaidh.
Labhróidh sé leis na náisiúin faoin tsíochＡáin
agus beidh sé i réim ó mhuir go muir
agus ón abhainn go críocha na cruinne.'
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 144

*Fr: Beannóidh mé d'ainm de shíor,*
*a Dhia liom is a Rí.*

1. Tabharfaidh mé glóir duit, a Dhia liom, is a Rí;
beannóidh mé d'ainm de shíor.
Beannóidh mé thú gach uile lá
agus molfaidh mé thú de shíor. *(Fr)*

2. Is ceansa trócaireach é an Tiarna,
mall chun feirge agus lán de chineáltas.
Is maith é an Tiarna don uile ní,
is is trócaireach é dá oibreacha uile. *(Fr)*

3. Ceiliúrfaidh d'oibreacha thú, a Thiarna,
agus beannóidh do dhaoine naofa thú.
Canfaidh siad glóir do ríochta,
agus foilseoidh siad do chumhacht. *(Fr)*

4. Is dílis an Tiarna ina bhriathra uile,
agus is naofa é ina oibreacha go léir.
Coinníonn an Tiarna gach duine a bhíonn ag titim
agus tógann sé suas gach duine a bhíonn ar lár. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh 8:9, 11-13*
A bhráithre, ní faoi réir na colainne atá sibhse ach faoi réir an Spioraid ós rud é go bhfuil Spiorad Dé lonnaithe ionaibh. Go deimhin, má bhíonn Spiorad an té a thóg Íosa ó mhairbh lonnaithe ionaibh, déanfaidh an té sin a thóg Críost ó mhairbh bhur gcorp básmhar a bheochan trína Spiorad atá lonnaithe ionaibh.
Ar an ábhar sin, a bhráithre, níl aon cheangal ag an gcolainn orainn go mairfimis dá réir. Más de réir na colainne a mhaireann sibh, tá an bás i ndán daoibh; ach má bhásaíonn sibh gníomhartha na colainne le cúnamh an Spioraid, mairfidh sibh beo.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleuia!**
Bíodh teachtaireacht Chríost
ina cónaí faoi rath ionaibh.
Gabhaigí buíochas trí Chríost le Dia ár nAthair.
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 11:25-30*
*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Labhair Íosa agus dúirt: 'Bheirim buíochas duit, a Athair, a Thiarna neimhe agus talún, de chionn mar cheil tú na nithe seo ar lucht eagna agus éirime agus mar d'fhoilsigh tú do naíonáin iad. Is ea, a Athair, óir is amhlaidh sin ba mhaith leat é. Tá gach aon ní tugtha domsa ag m'Athair. Agus níl aithne ag aoinneach ar an Mac ach amháin ag an Athair, ná níl aithne ag aoinneach ar an Athair ach amháin ag an Mac agus an té ar toil leis an Mac a fhoilsiú dó.
'Tagaigí chugam, sibhse uile a bhfuil saothar agus tromualach oraibh, agus bhéarfaidh mé faoiseamh daoibh. Tógaigí oraibh mo chuing agus tagaigí ar scoil chugamsa, mar táim ceansa uiríseal ó chroí, agus gheobhaidh sibh faoiseamh do bhur n-anamacha; óir tá mo chuing so-iompair agus m'ualach éadrom.'
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**
***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláít; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**
**Os Cionn na nOfrálacha**
A Thiarna, go ndéana an íobairt seo a ofrálaimid chun glóir d'ainm sinn a ghlanadh, agus go dtuga sí sinn níos mó faoi réim na beatha ó neamh. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**
*Rúndiamhair an chreidimh :*
**Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.**

A Thiarna, dháil tú ollmhaitheasaí iontacha orainn san Aifreann seo. Deonaigh, impímid ort, go gcuirfimid fáilte i gcónaí roimh do ghrásta slánaitheach agus nach rachaidh aon stad orainn ach do do mholadh de shíor. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.
**Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh,
Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**



Tamall ag guí i láthair na hEocairiste
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach**
**@ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**
**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D
**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D
**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31
**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**